An é súd an Críost céadna

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr* I, Dublin, 1967, poem 19]

San Froinsias: Aithghin Chríost

Eoghan Ruadh Mac an Bhaird cct

1 An é súd an Críost cédna
sa bhreith do mhaoidh móirÉlla?
an é coimsigh na cruinne,
toimsigh, nó an cré a chosmuile?

2 No, an do-chualabhair cheana?
tugadh na trí haisgeadha;
do sgé a fhearta i n-iomdhoidh daimh,
ionbhuidh a theachta ar talmhuin.

3 An é an tÍosagán umhal,
tar bhar gceann, do chualabhar,
ar son a rothoile roinn,
i modh chrochaire i gcalainn?

4 An é ar-ís aonMhac Muire,
táinig i gcorp cholluidhe?
mar do-chí athrachadh ann:
ar tí an t-athchrochadh d'fhulang.

5 Slánuightheoir shíol Ádhaimh uill
nach táinig cheana chuguinn?
créd asa mbiadh, uair eile,
i dtruaill chriadh ar céilidhe?

6 Tar gach contabhairt dar chanas,
ná a ndéiniom air dh'amharas,
ní chuala mé - gá dám dhó -
gan a rádh gur bh'é Íosa.

7 Ar an adhbhar nach uighthe
síghne fíre ar bhfuasgloighthe
acht a-mháin, tar gach n-aon, air -
ná ar fháidh, ná ar naomh dá naomhuibh.

8 Ná ar mhairtír ná ar óigh n-umhuil
ná ar abstol dá abstoluibh
ná ar Mhuire féin, gidh í ann -
gé nach mur bhéim dí a-dearam.

9 An taisbéanadh tugadh d'Eoin,
suibhisgél, oide an fhíreoil,

beanfaidh sé as amharas inn:
daghsholas é dom inntinn.

10 Ag éirghe ón oirthior a-le,
tarfás d'Eoin aingeal eile,
go bhfioghair Uain Dé na ndúl
uaidh mar do sgé an sgrioptúr.

11 Ciall an tárfais - tarla so
re dteacht Bonaven-túra -
an naomh go bhfuair as a fréimh,
fa cruaidh ar gach aon eiséin.

12 Is é an cédaingeal Críost cáidh;
Proinsias, íomháigh ar íomháigh
an dara haingiol ionmhuin,
is daingion dá dhéisgiobluibh.

13 Gion gur b'é an tÍosa roimhe,
níor chruthaigh ar chosmhuile
as comhghoire do-chuaidh dhó,
i dtruaill tolmhuidhe ó theasdó.

14 Ar bheith umhal, ar bheith bocht,
ar bheith ar talmhuin troghnocht,
ar annsa na ndaoine dhó
ar aoine, ar almsa, ar annró.

15 Ar chrochadh 'na cholla criaidh,
ar fhulang docra is dímhiaidh -
do chuibhrigh ó chridhe a chorp
re Coimdhe nimhe ar naomhthacht.

16 Gidh iad créuchta na gcroidhe
- ós dá chur a gcosmhuile -
na comhartha gur léir leis
le tolumhla a gcéill chuiris.

17 Fear a ualaigh do roinn Ris;
ar Mhac Dé is fhoigsi d'aithris;
bráthair nár chlaon ris an gcorp;
naomh do bhláthaigh an bhochtacht.

18 Sdiúr arthraigh eagoilse Dé;
leighios teadhma, a fear fínné;
a maruidhe, a buanna barr;
guala a hanoire dh'fhulang.

19 Leighios loingbhrisde a loingsi;
fear feithmhe a mbearn mbaoghuil-si;

grís nár bharr an creidiomh cóir;
beigsheadh nár cham san chanóin.

20 Drithle i gcoguil an chreidimh;
bos re bél eithrigidh;
cúl re millsi is re meadhuir;
glún na hirrsi d’oileamhuin.

21 Na cúig créuchta ad-chualaidh sibh
ní léughthar, sul fhuair oidhidh
acht cuid do ló, ar Mhac Muire,
an tslat ón mó míorbhuile.

22 Créachta a maca samhla sin,
dá bhliadhain sul fhuair oidhidh,
Proinsias, naomh, an bráthair bocht,
go ghnáthaigh - daor an daonacht.

23 Ionmhuin deochain a-déabhart
do bhí ar Críost ag cúirtéuracht
nár chall an uain budh-eachto
nó go bhfuair am éisdeachta.

24 Ionmhuin beirt chúirte do chleacht
a-tá dá éis i n-oighreacht
gun droing do lean a lorg soin,
ord do threabh fa choing crábhoidh.

25 Beirt shearbhfhoghanta dhil Dé -
mo-chean don lucht san leibhré;
an chlí fa chosuibh do chuir
an tí ar thosuigh do thionsgain.

26 Beirt is tlachtmhuire taise;
beirt don mhaise míomhaise;
ní thig sí acht lé séideadh gráidh;
a bréideadh is í a hanáir.

27 Arna ngairm ó Dhia na ndúl,
mór mhac ríogh budh fearr fortún
do thréig sróilbhearta ar a son,
a n-óirleaptha, a méid meanman.

28 Don bheirt-sin na mbráthar mbocht,
lá an bháis ar dteacht ón dubhlocht
go bhfaghar coim ’na coim the,
go rabhar ag roinn réise.

29 Ar umhlacht ina n-uair sbéis,
ar na créuchta fuair Froinséis

- críoch ar canadh is [s]é sin -
go bhfaghar síoth Dé dhúiligh.

30 Ar leanmhuin loirg Mheic Mhuire,
re Críost ar a chosmhuile,
faghadh fa dheoidh díolghadh dhamh,
ag díorghadh an eoil d’Eoghan.

31 Ón té a-tá, do bhí agus bhias,
gion gur fiu mé, faghadh Phroinsias
mo chorp do chaitheamh rem choir
’s maitheamh ar n-olc dar n-anmoin.

32 A chara abstoil mh’anma,
do chuir ar Críost comhardha,
dom char ar chonair na ngrás,
do chobhair tar, a Thomás!

33 Muire, máthair an leanaibh,
faghadh dhamh ón Dúileamhuin
go bhfearar déur ’na déir ghuil,
go mbeanar fréimh mo pheacuidh.

34 A thobar ó dtig gach grás,
a choimdhe do-chí ar rochás,
nam léig taobh re ham oile,
nam saor thall le trócaire. AN É SÚD 7 C.